**An Madra Meallta**

Bhí madra ag dul thar siopa búistéara lá amháin. Chonaic sé píosa breá bagúin crochta ar chrúca taobh amuigh. Chuir sé a bholadh air agus thaitin sé go mór leis. Ansan, rug sé ar an mbágún agus as go brách leis abhaile ar chosa in airde.

Ar an mbealach abhaile bhí ar an madra ag dul thar dhroichead adhmaid. D'hearc sé síos ins an uisce agus chonaic sé madra eile thíos faoi agus píosa breá feola ina bhéal aige. Tháinig éad an domhain air. Sheas sé agus chuir sé colg air féin. Rinne an madra a bhí insan uisce an cleas céanna. Chuir sé sin ar buile ar fad é agus cad a dhéanfadh sé ach an fheoil a ligean uaidh agus léim san uisce ag ionsaí an mhadra eile, mar a shíl sé.



Mo léan! Ní raibh aon mhadra eile ann agus nuair a tháinig sé amach as an uisce, bhí sé fuar fliuch, feargach agus rud ba mheasa ná sin ar fad, bhí an spóla breá feola caillte aige — scuabtha le fána ag an sruth. Mar a deir an seanfhocal 'An té nach múinfidh Dia é, ní mhúinfidh an saol é.'